

## **An Chomhairle Mhúinteoireachta - Poist mar Oifigeach Cléireachais**

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht um chaighdeáin ghairmiúla don mhúinteoireacht in Éirinn. Is é an phríomhaidhm atá aici, gairm na múinteoireachta in Éirinn a chur chun cinn agus a rialáil. I lathair na huaire tá breis is 105,000 múinteoir bunscoile, iar-bhunscoile agus breisoideachais cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta ag iarraidh líon beag folúntas d'Oifigigh Chléireachais a líonadh a cheaptar a bheidh ann as seo go ceann 12-24 mí. Is in oifigí na Comhairle Múinteoireachta i Maigh Nuad, Co. Chill Dara a bheidh na poist atá le líonadh.

Beidh ar na hoifigigh a cheapfar raon dualgas riaracháin éagsúla a dhéanamh, ag brath ar an oifig ina bhfuil siad. Seo a leanas cuntas ar an gcineál oibre a d'fhéadfaí a iarraidh ort a dhéanamh:

- Gnáthdualgais riaracháin: e.g. ag déileáil le fiosruithe, cáipéisí, ionchur eolais, glaonna gutháin a fhreagairt/ a dhéanamh, clúdach a chur ar fáil ag an deasc fáilte, déileáil le comhfhreagras poist;
- Iarratais agus cáschomhaid a phróiseáil, dearbhú cáilíochta cáipéisí san áireamh;
- Ag obair mar chuid de mheitheal oibre chun seirbhísí a sholáthar agus tacaíocht a chur ar fáil do bhainisteoirí meithleacha oibre agus do chomhghleacaithe;
- Ag plé leis an bpobal/ le custaiméirí: e.g. fiosruithe a fhreagairt agus eolas a thabhairt;
- Sonraí/eolas a ullmhú agus a chur le chéile de réir mar a bheidh siad ag teastáil ó bhainisteoirí foirne agus ó chomhghleacaithe
- A chinntiú go ndéileáiltear go héifeachtach, éifeachtúil leis na fiosruithe ar fad a bhaineann le do chuid dualgas, agus laistigh den achar ama atá leagtha síos;
- Cáipéisí ón gComhairle a eisiúint chuig páirtithe leasmhara seachtracha;

- Teicneolaíocht faisnéise a úsáid: e.g próiseáil focal, scarbhileoga, bunachair sonraí, ríomhphost, idirlíon, bunachair sonraí speisialaithe agus réitigh bhogearraí (cuirfear oiliúint ar fáil);
- Taifid a choinneáil de réir mar a theastóidh ón bhfoireann i gcoitinne agus ón mbainistíocht;
- Cruinnithe a sceidealú agus dialanna a bhainistiú de réir mar a theastaíonn;
- Nótaí/ Miontuairiscí a ghlacadh ag cruinnithe;
- Cuidiú le heagrú lónadóireachta agus le bainistiú saoráidí;
- Cibé dualgais eile a oireann don phost a chomhlíonadh de réir mar a leagfar air/uirthi iad.

### **Riachtanais Bhunriachtanacha**

Maidir le hiarrthóirí rathúla:

caithfidh Grad H6 ar a laghad a bheith faighte acu i gcúig ábhar i Scrúdú na hArdteitiméireachta (clár ardleibhéil, clár gnáthleibhéil, AT Fheidhmeach nó Gairmchlár na hÁT) nó a choibhéis

#### **nó**

caithfidh pas a bheith faighte acu i scrúdú ag an leibhéal cuí faoin gcreat cáilíochtaí QQI a mheastar a bheith inchurtha le caighdeán na hArdteitiméireachta nó ar chaighdeán coibhéiseach nó níos airde, nó beidh an taithí ábhartha chuí acu a chuimsíonn scileanna coibhéiseacha agus saineolas coibhéiseach;

Léireoidh iarrthóirí rathúla:

- Go raibh taithí oibre ábhartha acu cheana, in oifig seirbhíse custaiméirí;
- Sárscileanna cumarsáide oifigbhunaithe; san áireamh ansin tá scileanna teileafóin, ríomhphost, scríobh litreacha agus glacadh nótaí, agus a bheith in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh atá soiléir, beacht;
- A bheith in ann torthaí a sholáthar taobh istigh d’achair ama;
- Scileanna cuí sa TCF(ICT), e.g. an-chumas in MS Word, Excel, ríomhphost agus eolas ar CRM a oibriú nó bunachair sonraí cáschomhaid, etc;

- An t-eolas agus na scileanna a theastaíonn chun a bheith ina riarthóir éifeachtach, san áireamh ansin tá:
  - treoir a ghlacadh/ treoir a thabhairt;
  - a bheith éifeachtach I mbun obair a eagrú agus ord tosaíochta a leagan amach
  - a bheith in ann oibriú go maith leis an bpobal agus le comhghleacaithe
  - cur chuige solúbtha a bheith acu maidir leis an obair
  - a bheith in ann obair neamhspleách a dhéanamh, agus oibriú mar chuid de mheitheal oibre

Ceapadh an cur síos seo ar an obair mar threoir ghinearálta faoin raon dualgas, agus ní cur síos críochnaitheach ná sriantach atá ann. Coimeádann an Chomhairle Mhúinteoireachta an ceart foireann a shannadh laistigh den Chomhairle Mhúinteoireachta de réir mar is cuí agus mar is gá.

Cuireann an Chomhairle páirceáil saor in aisce ar fáil an láthair agus tá fleisc-am i bhfeidhm.

## Critéir chun Iarrthóirí a Mheasúnú

Déanfar iarrthóirí a mheasúnú bunaithe ar na sonraí poist a bhfuil cur síos orthu thuas, ar fhianaise go sásaíonn siad na riachtanais bhunriachtanacha atá leagtha amach thuas agus ar an gcreat inniúlachtaí don ghrád mar Oifigeach Cléireachais a thugtar thíos.

<b>Leibhéal: Oifigeach Cléireachais</b>
<b>Obair Mheithle</b>
<ul style="list-style-type: none"><li>• Léiríonn CO go bhfuil meas aige/aici ar a c(h)uid comhghleacaithe</li><li>• Bunaíonn CO dea-chaidreamh oibre le daoine eile agus cothaíonn sé/sí an dea-chaidreamh oibre sin, agus déanann sé/sí faisnéis agus eolas a chomhroinnt, de réir mar is cuí</li><li>• Tairgeann CO smaointe agus peirspictíochtaí dá c(h)uid féin</li><li>• Tuigeann CO a ról féin sa mheitheal, agus déanann sé/sí a lándícheall a p(h)áirt féin a imirt</li></ul>
<b>Bainistíocht Eolais/ Próiseáil Eolais</b>
<ul style="list-style-type: none"><li>• Tugann CO faoi chúrsaí na hoibre agus déanann a c(h)uid oibre a sholáthar ar bhealach críochnúil eagraithe</li><li>• Leanann CO nósanna imeachta agus prótacail, tá meas aige/aici orthu agus aithníonn sé/sí an réasúnaíocht atá taobh thiar díobh</li><li>• Coinníonn CO taifid ardchaighdeán a mbeidh daoine eile in ann iad a thuiscint gan stró</li><li>• Baineann CO na tátail chuí as eolas</li><li>• Déanann CO moltaí faoi shlite nua chun an obair a dhéanamh níos fearr agus níos éifeachtaí</li><li>• Bíonn CO ar a c(h)ompord agus é/i ag obair le cineálacha difriúla eolais, e.g. eolas scríofa, eolas uimhriúil, cairteanna, agus déanann sé/sí áireamh (suimiú) ar nós uimhríocht, céatadáin etc</li></ul>
<b>Torthaí a Sholáthar</b>
<ul style="list-style-type: none"><li>• Glacann CO freagracht as a c(h)uid oibre, agus féachann sé/sí chuige go gcuirtear an obair ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal cuí eile</li><li>• Cuireann CO a chuid oibre i gcrích go tráthúil</li><li>• Tagann CO isteach go héasca ar shlite nua le hobair a dhéanamh</li><li>• Seiceálann CO a chuid oibre ar fad go cúramach lena chinntiú go bhfuil sí curtha i gcrích ar ardchaighdeán agus foghlaimíonn sé/sí óna c(h)uid botún</li><li>• Féachann CO chuige go mbíonn an litriú agus an gramadach i gceart agus é/i ag scríobh, agus baineann sé/sí tátail réasúnta as treoracha scríofa</li><li>• Aithníonn CO an phráinn agus an tábhacht a bhaineann le tascanna difriúla, agus tuigeann sé/sí cén fáth</li><li>• Bíonn CO cliste solúbtha agus é/i ag féachaint chuige go gcuirtear obair ar fáil</li><li>• Féadann CO brath air/uirthi féin agus aithníonn sé/sí cathain is ceart treoir a lorg ón mbainisteoir nó óna c(h)omhghleacaithe</li></ul>
<b>Seirbhís do Chustaiméirí agus Scileanna Cumarsáide</b>
<ul style="list-style-type: none"><li>• Éistean CO go gníomhach le daoine eile agus déanann sé/sí iarracht a gcuid peirspictíochtaí/ a gcuid riachtanas/ a bhfuil ag teastáil uathu a thuiscint</li><li>• Tuigeann CO na céimeanna nó na próisis a gcaithfidh custaiméirí dul tríothu agus tá sé/sí in ann iad a mhíniú go soiléir</li><li>• Bíonn CO measúil cúirtéiseach gairmiúil, agus is duine stuama é/i fiú nuair a éiríonn cúrsaí cineál casta</li><li>• Féadann CO an fód a sheasamh nuair is gá, agus labhairt go muiníneach údarásach</li><li>• Bíonn CO soiléir líofa i mbun cumarsáide nuair atá sé/sí ag scríobh agus ag labhairt</li></ul>
<b>Eolas Speisialtóireachta, Saineolas agus Féinfhorbairt</b>

- Forbraíonn agus cothaíonn CO na scileanna agus an saineolas a theastaíonn chun feidhmiú go héifeachtach sa ról, e.g. na teicneolaíochtaí ábhartha, scarbhileog córas TF(IT), Microsoft Office, polasaithe ábhartha etc
- Bíonn tuiscint shoiléir ag an CO ar an ról, ar an gcuspóir agus ar na spriocanna, agus mar a luíonn siad isteach le hobair na rannóige
- Bíonn CO tiomanta don fhéinforbairt, agus bíonn sé/sí ag iarraidh a f(h)eidhmíocht phearsanta a fheabhsú i gcónaí

#### **Treallús agus Tiomantas**

- Féachann CO le feidhmiú ar ardleibhéal i gcónaí, agus le seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar
- Déanann CO seirbhís do Rialtas agus do phobal na hÉireann
- Is duine críochnúil coinsiasach é/í CO, le gnáthobair fiú
- Bíonn CO díograiseach agus bíonn teacht aniar ann/inti, agus coinníonn sé/sí leis ainneoin constaicí nó céimeanna ar gcúl
- Is duine macánta iontaofa é/í
- Bíonn CO an-ionraic i gcónaí.

## **NA PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE**

**Tuarastal:** Beidh ar gach iontrálaí nua sa tseirbhís phoiblí tosú san fhostaíocht ag íospointe an scála. Mar seo a leanas don scála pá:

### **An Ráta Pá Gan Ranníocaíocht Pinsin (GRPP):**

€24,704 €25,808 €26,535 €27,625 €28,713 €29,802 €30,583 €31,642 €32,688  
€33,414 €34,447 €36,053 €37,319 (IF 1)\* €37,901 (IF 2)\*

An ráta seo a bheidh i bhfeidhm más rud é go bhfuil an ceapaí ina státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí a ceapadh roimh an 6<sup>ú</sup> Aibreán 1995 agus nach gceanglaítear air/uirthi ranníocaíocht pinsin éigeantach a dhéanamh.

### **An Ráta Pá faoin Ranníocaíocht Pinsin (RPP):**

€23,984 €25,553 €25,953 €26,730 €27,878 €29,022 €30,168 €31,002, €32,105 €33,209  
€33,986 €35,078 €36,162, €37,855 €39,186 (IF 1)\* €39,796 (IF 2)\*

An ráta seo a bheidh i bhfeidhm más iontrálaí nua sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí atá sa té a cheapfar, nó más státseirbhíseach reatha nó seirbhíseach phoiblí reatha é/í a ceapadh ar an 6<sup>ú</sup> Aibreán 1995 nó ina dhiaidh agus a dhéanann ranníocaíocht phearsanta pinsin éigeantach.

*\*Is é atá in IF 1, Incrimint Fadseirbhíse i ndiaidh 3 bliana ar Uasphointe an scála. \*Is é atá in IF 2, Incrimint Fadseirbhíse i ndiaidh 6 bliana ar Uasphointe an scála.*

**Nóta Tábhachtach:** Níor mhiste d'iarrthóirí a nótáil gurb é íospointe an scála an pointe iontrála agus nach ndéanfar caibidlíocht ina leith agus go bhféadfar an ráta tuarastail a choigeartú ó am go ham i gcomhréir le beartas pá an Rialtais. Féadfar incrimintí a thabhairt ach an post a bheith á chomhlíonadh go sásúil agus faoi réir athruithe ar na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le hincrimintí tuarastail sa Státseirbhís/ sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne. Féadfaidh coinníollacha difriúla a bheith i bhfeidhm i gcásanna áirithe, más rud é, díreach roimh dháta an cheapacháin, go bhfuil an ceapaí ina státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí atá ag déanamh seirbhíse.

### **Eolas Tábhachtach Eile**

*Féach Aguisín 1 le do thoil, le haghaidh sonraí breise faoi na **Príomhchoinníollacha Seirbhíse**, e.g. Saoire Bhliantúil, Aoisliúntas etc.*

*Féach Aguisín 2 le do thoil d'eolas tábhachtach eile atá ábhartha don fheachtas seo.*

## **PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS**

### **Iarratas a dhéanamh**

Beidh an fhoirm ar <http://www.teachingcouncil.ie/en/About-Us/> le líonadh isteach chun iarratas a dhéanamh. Beidh gach cuid den fhoirm le líonadh go hiomlán. Nuair a bheidh d'iarratas líonta isteach agat caithfidh tú é a sheoladh chuig [recruitment@teachingcouncil.ie](mailto:recruitment@teachingcouncil.ie) **Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta.**

### **An Spriocdháta**

**Caithfear d'iarratas a sheoladh sa ríomhphost tráth nach déanaí ná 5pm. 4 Márta 2020.** Mura mbíonn admháil go bhfuarthas d'iarratas faighte agat taobh istigh de 5 lá oibre ón uair a sheol tú é, téigh i dteagmháil le do thoil, le Bernie Cahill ag 01 6517900 nó [recruitment@teachingcouncil.ie](mailto:recruitment@teachingcouncil.ie)

Ba cheart d'iarrthóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta/ ar na dátaí atá sonraithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta, agus ba cheart dóibh a chinntiú go bhfuil a gcuid sonraí teagmhála tugtha i gceart ar an bhfoirm iarratais.

### **Modhanna Roghnaithe**

Beidh siad seo a leanas san áireamh sa roghnúchán:

- Gearrliostú iarrthóirí bunaithe ar an eolas a thugtar ina n-iarratas
- Agallamh bunaithe ar Innúlachtaí
- Teistiméireachtaí a lorg i gcás iarrthóirí rathúla

### **Gearrliostú**

Is gnách go bhfaightear níos mó iarratas ar phost ná mar a theastaíonn chun na folúntais reatha sa phost agus na folúntais amach anseo a líonadh.

Féadfar painéal a bhunú de bharr thorthaí an phróisis agallaimh dheiridh, agus d'fhéadfaí an painéal sin a úsáid chun folúntais a líonadh a tharlódh amach anseo. Má chruthaítear an painéal sin, beidh sé i bhfeidhm ar feadh suas le dhá bhliain.

## **Cuid 1 (Coinníollacha a bhaineann leis an bpost seo go háirithe)**

- **Promhadh:** Caithfidh an t-oifigeach tréimhse phromhaidh a dhéanamh, a mhairfidh 6 mhí de ghnáth. Sa chás go mbeadh seirbhís an oifigigh sásúil maidir le sláinte, iompar, éifeachtúlacht agus feidhmíocht i gcoitinne i gcaitheamh na tréimhse promhaidh, déanfar ceapadh an oifigigh a dheimhniú.
- **Dualgais:** Beidh ar an oifigeach aon dualgais a leagtar air/uirthi ó am go ham a chomhlíonadh, de réir mar a oireann don phost.
- **Fostaíocht Sheachtrach:** Post lánaimseartha é agus ní ceadmhach don oifigeach a bheith ag gabháil d'aon chleachtas príobháideach ná a bheith bainteach le haon ghnó seachtrach, a chuirfeadh isteach nó a thiocfadh salach ar chomhlíonadh na ndualgas oifigiúil. Ní mór soiléiriú a lorg ón mbainistíocht má bhíonn aon amhras ann.
- **Ceanncheathrú:** Beidh ceanncheathrú oifigigh mar a ainmneoidh an Stiúrthóir ó am go ham. Is i Maigh Nuad, Co Chill Dara atá an cheanncheathrú faoi láthair.
- **Uaireanta Freastail:** Déanfar na huaireanta freastail a chinneadh ó am go ham ach ní bheidh níos lú ná 43 uair agus 15 nóiméad sa tseachtain i gceist mar mhóiriomlán (nó 37 uair an chloig glan sa tseachtain nuair a bhaintear na tréimhsí sosa as). Tá fleisc-am ar fáil.
- **Saoire Bhliantúil:** 22 lá sa bhliain an liúntas saoire bliantúil, ag méadú go 23 lá i ndiaidh cúig bliana seirbhíse agus go 24 lá i ndiaidh deich mbliana seirbhíse. Beidh an liúntas sin faoi réir na ngnáthchoinníollacha a bhaineann le saoire bhliantúil a dheonú agus é bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh.
- **Saoire Bhreiteachta:** Íocfar pá ar bhonn pro-rata le linn tréimhse asláithreachta breiteachta a dheimhnítear go cúí fad is nach ann d'aon fhianaise ar mhíchumas buan ó thaobh seirbhíse de, i gcomhréir le forálacha chiorcláin na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe i leith saoire bhreiteachta.
- **Pinsean agus Scor:** Tairgfear téarmaí pinsin na seirbhíse poiblí don cheapaí mar aon le coinníollacha aois scoir i gcomhréir leis na socrúithe pinsin sa Chomhairle Mhúinteoireachta, ag brath ar stádas an cheapaí rathúil:
  - (a) Go ginearálta, maidir le duine nach bhfuil stair inphinsin aige/aici cheana sa tSeirbhís Phoiblí sna 26 seachtaine roimh an gceapachán nó nach bhfuil ar shos gairme faoi láthair nó ar shaoire speisialta le/gan pá ó phost inphinsin sa tSeirbhís Phoiblí, beidh an duine sin ina b(h)all den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an Scéim Aonair) a thosaigh ón 1 Eanáir 2013 (Alt 10 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012 an tagairt);
  - (b) Maidir le duine atá ar iasacht, leanfaidh sé/sí de bheith ina b(h)all de scéim pinsean na



máthaireagraíochta agus beidh an tuarastal inphinsin bunaithe ar a g(h)rád substainteach i.e. an grád ar a bhfuil an duine sin fostaithe ina m(h)áthaireagraíocht;

(c) Maidir le duine a bhí ina b(h)all de na “scéimeanna Pinsean Seirbhíse Poiblí ... cheana” faoi mar a fhorléireofar leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012, agus nach gcáilíonn do bhallraíocht den Scéim Aonair, beidh gnáth-thearmaí pinsin na seirbhíse poiblí ag an duine sin, léiriú ar stádas iontrálaí nua nó stádas iontrálaí nach iontrálaí nua é/í chun críche an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004.

### **Stádas ceapaí chun críche aoisliúntais**

Nuair a bheidh ceapachán á thairiscint, is iad an Chomhairle Mhúinteoireachta, i gcomhairliúchán leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe más gá, agus ag brath ar stair fostaíochta an cheapaí sa tSeirbhís Phoiblí cheana (agus/nó i bhfostaíochtaí eile), a chinnefidh na téarmaí agus na coinníollacha pinsin is iomchuí a chur i bhfeidhm. Beidh ar an gceapaí a stair iomlán sa tseirbhís phoiblí a nochtadh. Cuirfear sonraí ar fáil faoi na forálacha aoisliúntais is iomchuí nuair a bheidh cinneadh déanta faoi stádas an cheapaí. Ba chóir na pointí seo a leanas a nótáil:

- **Fabhrú Pinsin**

Faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012, cuireadh teorainn 40 bliain leis an tseirbhís ar fad is féidir a áireamh i gcomhair pinsin más rud é go raibh duine ina b(h)all de bhreis is scéim pinsean seirbhíse poiblí amháin roimhe sin. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith ansin d'aon cheapaí a ghnóthaigh cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí cheana.

- **Laghdú Pinsin**

Faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, cuireadh leis na cásanna inar féidir pinsin a laghdú ionas, i gcás duine ar scor a ghabhann le fostaíocht seirbhíse poiblí an athuair, go bhfuil a p(h)insean i mbaol a laghdaithe, fiú más rud é gur i réimse eile den tseirbhís phoiblí atá an fhostaíocht nua. Más rud é áfach go raibh an ceapaí fostaithe sa Státseirbhís cheana agus gur dámhadh pinsean dó/di faoi shocruithe do scor luath saorálach (seachas faoin Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER) nó faoin Scéim um Luathscor Saorálach (VER)/Scéim iomarcaíochta Saorálaí (VRS) de chuid Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte faoina mbeadh duine neamh-incháilithe don chomórtas, mar a léirítear thíos), tiocfaidh deireadh leis an teideal ar an bpinsean sin a bheith á íoc le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta áfach chun seirbhís atá tugtha ag an gceapaí cheana a áireamh chun críche aon dámhachtain aoisliúntais amach anseo a mbeadh an ceapaí ina teideal.

Más rud é go raibh an ceapaí fostaithe sa Státseirbhís cheana agus gur dámhadh pinsean dó/di faoi shocruithe do scor luath saorálach (seachas faoin Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER), faoin scéim um luathscor saorálach (VER)/ scéim iomarcaíochta saorálaí (VRS) Chiorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte nó ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG(P) 06/2013) faoina mbeadh duine neamh-incháilithe don chomórtas, mar a léirítear thíos), tiocfaidh deireadh leis an teideal ar an bpinsean sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta áfach chun seirbhís atá tugtha ag an gceapaí cheana a áireamh chun críche aon dámhachtain aoisliúntais sa todhchaí a mbeadh an ceapaí ina teideal.

- **Scéim Luathscoir na Roinne Oideachais & Scileanna do Mhúinteoirí (Ciorclán 102/2007)**

Thug an Roinn Oideachais & Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Tá sé ina choinníoll den Scéim Luathscoir, seachas sna cásanna a leagtar amach i bparagraif 10.2 agus 10.3 den chiorclán ábhartha, agus sna cásanna eisceachtúla sin amháin, maidir le múinteoir a ghlacann leis an luathscor faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim agus go bhfostaítear an múinteoir ina dhiaidh sin i gcáil ar bith in aon réimse den earnáil phoiblí, go dtiocfaidh deireadh láithreach le haon pinsean a íoctar leis an duine sin faoin scéim. Atosófar na híocaíochtaí pinsin áfach nuair a stopfar den fhostaíocht sin nó ar 60<sup>ú</sup> lá breithe an duine, cibé acu is déanaí, ach nuair a atosáítear, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine sin mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear san áireamh na blianta breise a deonaíodh roimhe sin nuair a dhéantar an íocaíocht phinsin a áireamh).

- **Scor ar Chúinsí Easláinte**

Do dhuine aonair a chuaigh ar scor ó chomhlacht Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí ar chúinsí easláinte, féadfar a p(h)insean ón bhfostaíocht sin a athbhreithniú i gcomhréir leis na rialacha do scor ar chúinsí easláinte i scéim pinsean na fostaíochta sin.

- **Ranniocaíocht Aoisliúntais Bhreise**

Tá an ceapachán faoi réir an laghdaithe pinsean-choibhneasa i gcomhréir leis an Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009.

Le haghaidh breis eolais faoi cheisteanna aoisliúntais sa tseirbhís phoiblí, féach an suíomh gréasáin seo a leanas le do thoil: <http://per.gov.ie/pensions>

# **INCHÁILITHEACHT CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AGUS SRIANTA ÁIRITHE**

## **AR AN INCHÁILITHEACHT**

### **Riachtanas Saoránachta**

Ba cheart d'iarthóirí a nótáil go bhfuil incháilitheacht chun cur isteach ar an gcomórtas oscailte do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Is é atá san LEE, Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. Ní bheidh saoránaigh Stát nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) incháilithe chun cur isteach ar an gcomórtas. Iarrthóir a bhfuil amhras air/uirthi faoin méid sin, ba cheart dó/di dul i dteagmháil leis an Roinn Gnó, Fiontraíochta & Nuálaíochta.

### **Scéimeanna um Luathscor Saorálach (VERS)/Scéimeanna Iomarcaíochta Saorálaí (VRS)/An Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER):**

- **Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí**

Le litir dar dáta 28 Meitheamh 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra, tugadh isteach, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann a comhaontaíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí ICTU maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí. Tá sé ina choinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann maidir le daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú, nach mbeidh siad incháilithe le bheith á n-athfhostú sa tseirbhís poiblí ná ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (de réir mar a shainítear faoi na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011) go ceann tréimhse 2 bhliain i ndiaidh deireadh a theacht leis an bhfostaíocht. Beidh cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil ina dhiaidh sin roimh aon athfhostaíocht. Daoine a bhain leas as an scéim sin agus a n-éireodh leo sa chomórtas seo, beidh orthu a n-incháilitheacht a chruthú (éag tréimhse neamh-incháilitheachta) agus beidh cead an Aire le fáil sula bhfostófar iad in aon chomhlacht seirbhíse poiblí.

- **An Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER):**

Tá sé ina choinníoll den Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER) arna leagan amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais, go bhfuil toirmeasc ar dhaoine ar scor, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá réir sin, ní ceadmhach do dhaoine ar scor den sórt sin iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

- **Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte agus Leanaí:**

Le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte, dar dáta 1 Samhain 2010, tugadh isteach Scéim um Luathscor Saorálach Spriocdhírthe (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Saorálaí (VRS).

Tá sé ina choinníoll den scéim um Luathscor Saorálach (VER) maidir le daoine a bhain leas as an scéim, nach mbeidh siad incháilithe lena n-athfhostú in earnáil na sláinte poiblí ná sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó i bpáirt ón gciste poiblí. Tá an toirmeasc céanna ar athfhostaíocht i bhfeidhm faoin scéim iomarcaíochta saorálaí (VRS), ach amháin gur toirmeasc go ceann 7 mbliana atá i gceist, agus maidir le haon athfhostaíocht ina dhiaidh sin go mbeidh cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil. Níl daoine a bhain leas as na scéimeanna sin incháilithe chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo.

- **Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil**

Le Ciorclán LG(P) 06/2013 thug an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil scéim iomarcaíochta saorálaí isteach le haghaidh na nÚdarás Áitiúil. I gcomhréir le téarmaí *Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dar dáta 28 Meitheamh 2012 faoi mar a shonraítear thuas, tá sé ina shainchoinníoll den scéim iomarcaíochta saorálaí sin nach mbeidh daoine incháilithe lena n-athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [mar a shainítear sna hAchtanna um Beartha Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011 agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile, 2012)] faoin Scéim sin go ceann tréimhse 2 bhliain i ndiaidh dóibh imeacht. Beidh cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil ina dhiaidh sin sula ndéantar iad a athfhostú. Tá feidhm leis na coinníollacha sin freisin i gcás rannpháirtíocht/fostaíocht ar bhonn conradh seirbhíse (bíodh sin mar chonraitheoir nó mar fhostaí conraitheora).

**Dearbhú maidir le stair fostaíochta roimhe seo sa tseirbhís phoiblí:**

Beidh ar iarratasóirí dearbhú a thabhairt faoi cé acu ar bhain nó nár bhain siad leas as scéim dreasachtaí luathscóir de chuid na seirbhíse poiblí agus/nó as an gcomhaontú comhchoiteann a bhfuil cuntas air thuas. Beidh ar iarratasóirí dearbhú a dhéanamh freisin i gcás aon teidlíochtaí atá acu ar shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (á fóc nó arna caomhnú) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile agus/nó más rud é go ndearnadh íocaíocht in-lieu leo as seirbhís in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.

## **Eolas Eile**

Ní bheidh an Chomhairle Mhúinteoireachta freagrach as costais a aisíoc a chuirfidh iarrthóirí orthu féin.

Ní bheidh sé intuigthe as duine a cheadú ar fheachtas nó as cuireadh a thabhairt chuig agallamh, go bhfuil an Chomhairle Mhúinteoireachta sásta go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an chomórtais nó nach bhfuil sé/sí dícháilithe de réir dlí chun an post a bheith aige/aici, agus ní ráthaíonn sé go ndéanfar d'iaratas a bhreithniú tuilleadh. Is fiú a nótáil ar an ábhar sin gur ort féin atá sé a chinntiú go sásaíonn tú riachtanais cháilitheachta an chomórtais sula dtagann tú chuig agallamh. Mura sásaíonn tú na riachtanais iontrála bhunriachtanacha ach go dtagann tú chuig agallamh mar sin féin, beidh tú ag dul faoi chaiteachas nach gá.

Sula ndéanfar aon iarrthóir a mholadh lena c(h)eapadh sa phost seo, déanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta gach fiosrú a mheastar gur gá chun oiriúnacht an iarrthóra sin a dheimhniú. Ní féidir cinneadh críochnaitheach a dhéanamh, ná ní féidir a mheas ná a inféiriú go bhfuil cinneadh den sórt sin déanta, go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta curtha i gcrích go hiomlán.

Má tharlaíonn go ndiúltaíonn an té a mholtar don cheapachán, nó má tharlaíonn, tar éis dó/di glacadh leis, go scarann sé/sí leis an tairiscint, nó má bhíonn folúntas breise ann, féadfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus moladh a dhéanamh go gceapfaí é/í ag éirí as torthaí an phróisis roghnaithe seo.

## **Rúndacht**

Láimhseálfar na hiarratais faoi chuing rúin, faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003.

## **Imréiteach Slándála**

Féadfar grinnfhiosrú a lorg i leith daoine indibhidiúla atá á mbreithniú lena gceapadh. Beidh ar an iaratasóir foirm ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais sa chás go mbeifí á b(h)reithniú lena c(h)eapadh. Seolfar an fhoirm sin ar aghaidh chuig an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin chun seiceáil slándála a dhéanamh i gcás gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ag a raibh an duine ina c(h)ónaí. I gcás duine nach n-éiríonn leis/léi, déanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta an fhaisnéis sin a scríosadh. Má dhéantar an t-iaratasóir a bhreithniú ar ball le haghaidh poist eile, beidh air/uirthi an fhaisnéis sin a chur ar fáil an athuair.

### **A mheas go bhfuil iarrthóireacht tarraingthe siar**

Iarrthóirí nach dtagann chuig an agallamh ag an tráth agus san áit a theastaíonn ón gComhairle Mhúinteoireachta, nó nach dtugann don Chomhairle, nuair a iarrtar í, cibé fianaise a theastóidh ón gComhairle maidir le haon ghné ábhartha dá n-iarrthóireacht, ní bheidh aon éileamh acu ar a mbreithniú feasta.

### **Ardchaighdeán Seirbhíse don Chustaiméir**

Tá sé mar aidhm againn seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fad. Má tharlaíonn sé ar chúis ar bith go bhfuil tú míshásta le haon ghné den tseirbhís a fhaigheann tú uainn, impímid ort é a chur ar a súile don aonad nó don bhall foirne a bhí i gceist. Is rud tábhachtach é sin mar cinntíonn sé go mbeimid ar an eolas faoin bhfadhb agus go mbeimid in ann tabhairt faoina réiteach.

Cuirfear aiseolas ar fáil ach é a iarraidh i scríbhinn.

### **Próiseas Athbhreithnithe**

Má tharlaíonn sé go mbeadh iarrthóir míshásta le gníomh nó le cinneadh maidir lena (h)iarratas ar cheapachán, féadfaidh sé/sí scríobh chuig Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta agus an bonn a leagan amach faoina bhfuil athbhreithniú á lorg aige/aici. Níor mhór do dhuine é sin a iarraidh taobh istigh de 5 lá oibre i ndiaidh scéala a bheith faighte faoin gcinneadh maidir lena (h)iarratas. Athbhreithniú inmheánach a dhéanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta sa chás sin.

### **Oibleagáidí Iarratasóirí**

Níor mhiste d'iarrthóirí a nótáil go ndícháileofar iad as canbhasáil, agus gurb é an toradh air sin go bhfágfar as an bpróiseas iad.

Níor chóir d'iarrthóirí:

- eolas bréagach a thabhairt go feasach nó gan smaoineamh
- aon duine a chanbhasáil, le mealladh nó gan mhealladh
- aon chur isteach a dhéanamh ar an bpróiseas nó cur as dó ar bhealach ar bith

Níor chóir do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas. Rud eile:

- más rud é nár ceapadh é/í i bpost, déanfar é/í a dhícháiliú mar iarrthóir; agus
- más rud é gur ceapadh é/í i ndiaidh an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh sé/sí an ceapachán sin.

### **Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003**

Nuair a fhaightear d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead faoi d'ainm, ina mbeidh cuid mhaith den eolas pearsanta atá curtha ar fáil agat. Déantar eolas den sórt sin a choinneáil faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí a leagtar amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003 agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), 2018. Chun iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003, nó faoin RGCS 2018, seol d'iarratas i scríbhinn le do thoil chuig:

An tOifigeach Cosanta Sonraí

An Chomhairle Mhúinteoireachta

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,

Maigh Nuad

Co. Chill Dara

Cinntigh le do thoil go dtugann tú cuntas chomh mion agus is féidir ar na taifid atá á lorg agat ionas go mbeimid in ann an taifead ábhartha a aithint. Asbhaintear míreanna áirithe eolais, nach mbaineann go sonrach le haon duine ar leith, as na taifid chun críche staidrimh.